Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

**Treoirlínte d'Ócáidí / do Ghníomhaíochtaí i bPáirceanna & Spásanna Oscailte Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**

---

De réir Fhodhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Páirceanna & Spásanna Oscailte, 2002, ní mór cead i scríbhinn a fháil ón gComhairle Cathrach chun aon ghníomhaíocht tráchtála a chur ar bun in aon pháirc nó in aon spás oscailte atá faoi bhainistíocht na Comhairle. Duine/grúpa ar mian leis aon pháirc nó aon spás oscailte a úsáid le haghaidh ócáid tráchtála, scannánaíocht, fótagrafaíocht, gairm ghrianghraf, seisiún faisin, seoladh táirge d'aon chineál agus gníomhaíochtaí aclaíochta, ní mór don duine nó don ghrúpa sin iarratas ar cheadúnas a chur isteach.
Ní mór do ghrúpaí nó d'eagraíochtaí ríomhthráchtála ar mian leo an pháirc a úsáid d'aon ghníomhaíocht ghrúpa eagraithe cead a lorg freisin. **(Tabhair do d'aire go bhfuil foirm iarratais ar leith ann do Ghníomhaíochtaí Aclaíochta)**

**Dlífear fíneáil €1,200 ar aon duine nó grúpa a sháraíonn forálacha na bhFodhlíthe Páirceanna.**

## Árachas Dliteanais Phoiblí

Caithfidh gach iarrthóir cumhdach Árachais Dliteanais Phoiblí & Dliteanais i leith Táirgí a chur isteach chugainn; le haghaidh leibhéal slánaíochta nach lú ná **€6.5 milliún** i leith aon eachtra ar leith. Éilítear Dliteanas Fostóra de **€13 mhilliún** freisin i gcás ina bhfuil daoine á bhfostú ag duine/cuideachta.

**Caithfear Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a shlánú agus a ainmniú sa pholasaí.**

## Sceidil

Glacfar le hiarratais do scannánaíocht agus do fótaisheisiúin tráth nach déanaí ná 7 lá oibre roimh dháta na gníomhaíochta.

Glacfar le hiarratais d'ócáidí Tráchtála / Gníomhaíochtaí Promóisin / Marsantú / Sampláil Bhranda tráth nach déanaí ná 10 lá oibre roimh dháta an phromóisin.

D'ócáidí níos mó nó d'aon ócáid / ghníomhaíocht óna bhfuil infreastruchtúr breise ag teastáil, glacfar le hiarratais tráth nach déanaí ná 20 lá oibre roimh an ócáid / ngníomhaíocht.

Má tá an t-eolas easnamhach nó má theastaíonn ón iarrthóir athruithe a dhéanamh tar éis dó an t-iarratas a chur isteach, beidh tuilleadh ama ag teastáil chun an t-iarratas a phróiseáil.

## Táillí ócáide / gníomhaíochta

| Catagóir | Tá táille + CBL ag an ráta reatha infheidhme |
|---|---|
| Fótaisheisiúin / Scannánaíocht tráchtála | Áirithint 2 uair an chloig ar a laghad<br>€250 + CBL don chéad 2 uair an chloig<br>€100 + CBL do gach uair bhreise ina dhiaidh sin<br>Nó<br>Ráta laethúil €1000 + CBL (suas go dtí 6pm)<br><br>€250 + CBL in aghaidh na huaire tar éis 6pm |
| Ócáidí tráchtála / Gníomhaíochtaí Promóisin / Sampláil Bhranda | Áirithint 2 uair an chloig ar a laghad<br>€350 + CBL don chéad 2 uair an chloig<br>€100 + CBL do gach uair bhreise ina dhiaidh sin<br>Nó<br>Ráta laethúil €1000 + CBL (suas go dtí 6pm)<br><br>€250 + CBL in aghaidh na huaire tar éis 6pm |

*Tá na táillí sin faoi réir athrú faoi rogha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus na Seirbhísí Páirceanna agus Tírdhreacha.*

***Nóta 1: D'fhéadfaí go n-éileofaí dréacht bainc nó seic mar bhanna in-aisíoctha.***
***Nóta 2: Gearrfar táillí ar thréimhsí leagan amach agus baint anuas mar atá sonraithe sa tábla thuas.***
***Nóta 3: Meastar ócáidí / gníomhaíochtaí carthanachta a chuireann branda nó táirge chun cinn a bheith ina n-ócáidí tráchtála agus gearrfar an ráta cuí orthu.***
***Nóta 4: Ba cheart muintir na háite a chur ar an eolas roimh ré faoi aon ócáid / ghníomhaíocht a d'fhéadfadh cur isteach orthu.***
***Nóta 5: Ní cheadaítear lainseáil balún lán le héiliam i bPáirceanna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath - caithfidh na balúin a úsáidtear i dtaispeántais balún a bheith in-bhithmhillte.***

## Polasaí Cealaithe

Ní mór don iarrthóir fógra 48 uair an chloig a thabhairt do Rannóg Riaracháin na bPáirceanna más mian leis gníomhaíocht a chur ar ceal. Gearrfar an táille iomlán mura bhfaigheann Rannóg Riaracháin na bPáirceanna fógra chun an ghníomhaíocht a chur ar ceal 48 uair an chloig roimh ré ar a laghad.

Má tá drochaimsir geallta do dháta na hócáide / gníomhaíochta beartaithe agus má d'íoc an t-iarrthóir an táille iomlán, féadfar dáta malartach a shocrú ach an láthair a bheith ar fáil.

## Sonraisc

Déanfar sonrasc a eisiúint do gach ócáid / gníomhaíocht a cheadaítear agus caithfear an sonrasc sin a íoc ina iomláine roimh an ócáid / roimh an ngníomhaíocht.

## Roghanna Íocaíochta

Ní mór uimhir an sonraisc a lua agus aon cheann de na roghanna íocaíochta seo a leanas á úsáid:
Tabhair faoi deara go gcaithfear an táille chuí ar úsáid na páirce / an spáis oscailte a íoc roimh an ócáid / roimh an ngníomhaíocht.

Ar líne le cárta creidmheasa, cliceáil **ANSEO** agus roghnaigh 'invoice'.
Le Cárta Creidmheasa trí ghlao a chur ar 01 222 2222

Is iad seo a leanas Sonraí Bainc RAA Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: -

| | |
|---|---|
| Seoladh: | AIB Shráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2 |
| Cód BIC: | AIBKIE2D |
| IBAN: | IBAN IE41 AIBK 9320 8680 1345 97 |
| Cód Sórtála: | 932086 |
| Uimhir Chuntais: | 80134597 |

**Déan cinnte uimhir an sonraisc agus ainm agus láthair na hócáide a lua.**

Nuair atá an íocaíocht déanta, seol fógra r-phoist chuig parkevents@dublincity.ie

Chomh luath is a dhéanfar an t-iarratas a phróiseáil agus a fhaomhadh agus a bheidh an íocaíocht ina hiomláine faighte, eiseofar fógra cinnidh a mbeidh na coinníollacha a bhaineann leis an ócáid / ngníomhaíocht ag gabháil leis.

## Cinntí

Caithfear an fógra cinnidh a shíniú agus cóip scanta a sheoladh ar ais chuig parkevents@dublincity.ie

Caithfear cóip den fhógra cinnidh a choinneáil ar an láthair an t-am ar fad i gcaitheamh na hócáide / gníomhaíochta.

Maidir leis an duine a tharraingíonn suas agus a chuireann i bhfeidhm an Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta agus an Plean um Measúnú Riosca dá ócáid / ghníomhaíocht, ní mór don iarratasóir a bheith sásta go bhfuil an duine sin inniúil chun é sin a dhéanamh. Is é Eagraí na hÓcáide amháin atá freagrach go hiomlán as a chinntiú go ndéantar gach rud atá luaite sna pleananna a chur i gcrích mar atá sonraithe sna cáipéisí a cuireadh isteach chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le himeachtaí na hócáide / gníomhaíochta.

Níl aon fhreagracht ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath as bainistiú ná bainistiú sábháilteachta na hócáide / gníomhaíochta.

Forchoimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó an Garda Síochána an ceart aon ghníomhaíocht ar leith/gach gníomhaíocht atá beartaithe i bpáirc/spás oscailte a chur ar fionraí nó deireadh a chur leis ar chúiseanna sábháilteachta poiblí, brú tráchta nó núise nó ar aon chúis eile. Ní bheidh aon éileamh ná dliteanas ar na comhlachtaí reachtúla i gcás dá leithéid. Forchoimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart a cead a chur a cheal nó a tharraingt siar ag aon am.

D'fhéadfadh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a éileamh ar an iarrthóir ócáid a laghdú, a athlonnú nó a chur ar ceal ar dháta na háirithinte nó roimhe sin, i gcásanna éigeandála nó i gcás aon éileamh rochtana dlisteanach eile, mura bhfuil socrú malartach sásúil ar fáil.

## Láithreacha nach bhfuil faoi bhainistíocht CCBÁC

Tabhair faoi deara go bhfuil na láithreacha seo a leanas faoi bhainistíocht Oifig na noibreacha Poiblí (Fón 01 4757816): -

- Faiche Stiabhna
- Páirc an Fhionnuisce
- Gairdíní Uíbh Eachach
- An Gairdín Cuimhneacháin

## Ócáidí/ Gníomhaíocht ar Oileán an Bhulla (Trá Chnocán Doirinne)

Caithfear léarscáil suímh a chur ar fáil a thaispeánann an áit go díreach a mbeidh an ócáid / ghníomhaíocht bheartaithe ag tarlú.

Tá cead roimh ré de dhíth le haghaidh rochtain feithiclí ar an trá agus déanfar breithiúnas faoi, ach an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil: líon na bhfeithiclí atá i gceist, a gcineál agus cláruimhir/cláruimhreacha na feithicle/bhfeithiclí

## Ócáidí/ Gníomhaíocht ar aghaidh na farraige i nDumhach Thrá

De réir I.R. Uimh. 212 de 2010, is Limistéar faoi Chosaint Speisialta é an Cladach ar feadh aghaidh na farraige i nDumhach Thrá a thugann cosaint d'éin atá á mbeathú féin sa limistéar sin agus mar sin ní cheadaítear i gcónaí d’iarratais chun ócáidí / gníomhaíochtaí a eagrú sa limistéar sin.

## Ócáidí/ Gníomhaíocht ar Thrá na Rinne

Ní mór cead a fháil ó Electric Ireland chun rochtain a fháil ar an trá. Déan teagmháil le Denis McCabe ar 087 8061063

## Struchtúir Shealadacha

Ní mór go mbeadh dearbhú ann go bhfuil struchtúir shealadacha a bhaineann le hócáid / gníomhaíocht oiriúnach don fheidhm agus sábháilte le húsáid faoi na coinníollacha a bhfuiltear ag súil leo ar an suíomh i gcaitheamh na hócáide / gníomhaíochta. Ní mór do thionscnóir na hócáide Innealtóir Cairte a cheapadh chun measúnacht agus comhairle a thabhairt faoi oiriúnacht dearaidh agus tógála na struchtúr sealadach a bheidh in úsáid* Caithfear an t-eolas cuí a chur isteach chuig an Rannóg Rialaithe Tógála tráth nach déanaí ná 28 lá roimh an ócáid.
Seol R-phost chuig.buildingcontrol@dublincity.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

*D'fhéadfadh sé go gcuimseodh struchtúr sealadach na struchtúir seo a leanas: ardáin, suíocháin ardaithe, stáitsí, forstuanna, pubaill, ollphubaill, seiteanna stáitse, rigí soilsithe, túir fuaime, ardáin do cheamaraí, seiteanna scannáin, scáileáin ardaithe, tuilsoilse, bacainní, sriantaí, sconsaí, droichid, crochtaí, inséidtigh, staighrí, siúlbhealaí ardaithe, droichid shoilsithe, srl... D'fhéadfadh sé go gcuimseodh struchtúr sealadach úsáid shealadach de struchtúr atá ann cheana nach n-úsáidtear de ghnáth agus nach fios cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé oiriúnach don úsáid shealadach sin.

## Bainistiú Tráchta

Má tá aon cheann de na rudaí seo a leanas ag teastáil ó ócáid / ghníomhaíocht, **CAITHFEAR** iarratas a chur isteach chuig Rannóg Bóithre agus Tráchta na Roinne Comhshaoil & Iompair.

- Cuasa Páirceála a dhúnadh go sealadach
- Dúnadh bóthair/bóithre
- Atreorú/atreoruithe tráchta
- Trealamh/Craein/Feithicil srl a shuíomh

(Tabhair faoi deara go bhfuil iarratas ar leith ag teastáil do na rudaí thuasluaite. Ina theannta sin, caithfear iarratas ar dhúnadh bóthair foirmeálta a chur isteach 5 seachtaine roimh dháta na hócáide /gníomhaíochta. Caithfear Plean Bainistíochta Tráchta a chur le gach iarratas den chineál sin.)

## Banna in-aisíoctha

Mar chuid de théarmaí agus coinníollacha ceadúnais, d'fhéadfaí a éileamh ar iarrthóir banna in-aisíoctha a sholáthar, má chinneann na Seirbhísí Páirceanna agus Tírdhreacha go bhfuil an ócáid bheartaithe ar scála a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do dhromchla na páirce de bharr obair thógála, nó bogadh feithiclí nó sluaite, nó aon ghníomhaíocht eile a bhaineann leis an ócáid.

Caithfear cruinniú ar an suíomh a shocrú leis an Oifigeach Páirceanna Ceantair tráth nach déanaí ná 14 lá roimh an ócáid sa pháirc ina mbeidh an ócáid ar siúl chun aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann don suíomh a phlé.

Ní mór don iarrthóir cruinniú iar-ócáide a shocrú laistigh de 7 lá tar éis na hócáide chun a dheimhniú cibé an ndearnadh nó nach ndearnadh aon damáiste don pháirc. Cinnfear ansin cibé an gcoinneofar an banna nó an íocfar ar ais é go hiomlán nó i bpáirt.

D'fhéadfadh aon sárú a dhéantar ar Théarmaí agus Coinníollacha an cheadúnais tionchar a imirt ar iarratais d'ócáidí / ghníomhaíochtaí i bPáirceanna & Spásanna Oscailte na Comhairle a dhéanfar amach anseo.

**Caithfear na Foirmeacha Iarratais Comhlánaithe a chur isteach le ríomhphost chuig** parkevents@dublincity.ie

**Glaoigh ar an uimhir seo chun tuilleadh eolais a fháil: 01 222 5278**

**Leasaithe: Eanáir 2019**